An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

Ciorclán 0061/2026

Chuig: Na Boird Bhainistíochta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna aitheanta sa Scéim Saoroideachais, cé is moite de Phobalscoileanna Náisiúnta agus Iar-bhunscoileanna BOO

Athbhreithniú ar Thuarastail Rúnaithe Scoile agus Coimhdeachtaí Bus arna Maoiniú Roimhe Faoi Mhaoiniú Deontas Coimhdeach

Cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá le héifeacht ón 01 Meitheamh 2026

Réamhrá

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Óige údaráis bhainistithe agus Rúnaithe Scoile a chur ar an eolas faoi rátaí athbhreithnithe tuarastail na rúnaithe scoile a mhaoinítí roimhe seo faoi mhaoiniú deontas coimhdeach.

2. Leagtar amach sa chiorclán seo an scála nua i ndiaidh ailíniú comhaontaithe le harduithe pá náisiúnta. Ní bhaineann na méaduithe go díreach ach le rúnaithe a d'aistrigh chuig na téarmaí agus na coinníollacha nua arna dtairiscint faoi chomhaontú Meitheamh 2022.

3. Cuirfear na méaduithe go rúnaithe i bhfeidhm agus íocfar iad trí chóras párolla na Roinne agus ní gá do scoileanna beart ar bith a dhéanamh.

4. Tá pá agus coinníollacha eile rúnaithe nár aistrigh chuig na téarmaí agus na coinníollacha nua fós ina ábhar don scoil, mar fhostóir.

5. Leagtar amach sa chiorclán seo freisin an ráta pá nua do coimhdeachtaí bus scoile atá fostaithe ag scoileanna atá maoinithe faoi mhaoiniú deontais coimhdeach ag an Roinn.

Méaduithe ar Thuarastail

6. Méadófar tuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála faoi 1% le héifeacht ón 01 Meitheamh 2026.

7. Beidh méadú 1% ar an ráta coimhdeachtaí bus in aghaidh na huaire le héifeacht ón 01 Meitheamh 2026.

8. Cuirtear téarmaí an Chiorcláin seo in ionad na scálaí tuarastail athbhreithnithe don fhoireann lena mbaineann le héifeacht ón 01 Meitheamh 2026. Tá na rátaí comhfhreagracha in aghaidh na huaire do Rúnaithe Scoile agus Coimhdeachtaí Bus san áireamh chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt.

9. Tá rátaí ócáideacha in aghaidh na huaire do Rúnaithe Scoile ceangailte le hAguisín 2.

10. Tá rátaí in aghaidh na huaire do Coimhdeachtaí Bus ceangailte le hAguisín 3

11. Le héifeacht ón 01 Meitheamh 2026, tá téarmaí an Chiorcláin seo curtha in ionad na scálaí tuarastail uile agus na rátaí ócáideacha in aghaidh na huaire uile iníoctha le Rúnaithe Scoile a bhí leagtha amach i gCiorcláin roimhe seo.

12. Pléifear le ró-íocaíochtaí i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i gCiorcláin 0084/2015.

Scaipeadh agus Ceisteanna

13. Cinntigh go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta agus go ndíreofar aird na Rúnaithe uile atá fostaithe agat ar an méid atá inti, chomh maith leo siúd atá ar chead neamhláithreachta san áireamh.

14. Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi https://www.gov.ie/ga/ciorclain/

15. Ba cheart fiosruithe párolla aonair a chur ar aghaidh mar seo a leanas; https://cs.education.gov.ie/

16. Ba cheart fiosruithe Coimhdeachtaí aonair a chur ar aghaidh mar seo ag scoileanna chuig: escorttransport@education.gov.ie

Caoimhe Allman
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtrach

Michael Donoghue
Príomhoifigeach
Párolla

25 Bealtaine 2026

Aguisín 1

Rúnaithe Scoile

Rúnaí Scoile	Rátaí ó 01/06/2026	Rátaí in aghaidh na huaire ó 01/06/2026
	€31,935	€16.54
	€33,702	€17.46
	€34,137	€17.68
	€35,021	€18.14
	€36,310	€18.81
	€37,602	€19.48
	€38,896	€20.15
	€39,833	€20.63
	€40,897	€21.18
	€42,128	€21.82
	€43,004	€22.27
	€44,227	€22.91
	€45,458	€23.55
	€47,771	€24.74
	€47,771	€24.74
	€47,771	€24.74
Incrimint Fadseirbhíse*	€49,414	€25.59

** i ndiaidh 3 bliana ar a mhéad de sheirbhís shásúil*

AGUISÍN 2:

Rúnaí Scoile

	Ráta Leanúnach ón 01/06/2026	**Ráta Saoire Bliantúil Reachtúil ó 01/06/2026**
Rúnaí Scoile Ionaid	€15.22	€1.32

AGUISÍN 3:

	Ráta Leanúnach ón 01/06/2026
Coimhdeacht Bus	€15.98